**Parlaimint na hEorpa,**
2019/2024

*An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh*

**2023/0042(COD)**

13.10.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair nua a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956
(COM(2023)0088 – C9-0025/2023 – 2023/0042(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Miapetra Kumpula-Natri



Aontaithe san éagsúlacht

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Tacaíonn an Rapóirtéir le go leor gnéithe den togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar an rialachán maidir le caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair, amhail raon feidhme an rialacháin a leathnú chun trucailí níos lú, busanna cianaistir agus leantóirí a chumhdach. Is díol sásaimh freisin an sprioc maidir le hastaíochtaí nialasacha do bhusanna nua cathrach san Aontas ó 2030 ar aghaidh. Ina dhiaidh sin is uile, is ionann earnáil an iompair de bhóthar agus aon chúigiú d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) an Aontais agus is í is príomhchúis le truailliú aeir i gcathracha.

Comhaontaíonn an Rapóirtéir leis an sprioc uaillmhianach 90 faoin gcéad do gach foghrúpa feithiclí do thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2040 ar aghaidh agus creideann sí go dtugann an sprioc comhartha soiléir do na margaí go bhfuil an tAontas Eorpach ag bogadh i dtreo caighdeáin astaíochtaí nialasacha a bheidh ann amach anseo. Téann sé sin chun tairbhe do na monaróirí, do na ceannaitheoirí agus, níos tábhachtaí fós, do na saoránaigh a bhfuil tionchar ag astaíochtaí na hearnála iompair orthu faoi láthair. Ag an am céanna, tugtar dóthain saoirse do na monaróirí an rialachán nua a chomhlíonadh. Mar sin féin, molann an Rapóirtéir caighdeáin nua, níos láidre maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair do thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2035 go 2039 tríd an sprioc a mhéadú 10 faoin gcéad. Measann an Rapóirtéir go bhfuil sé tábhachtach líon na bhfeithiclí nua astaíochtaí nialasacha a mhéadú i dtreo na dtréimhsí tuairiscithe is déanaí.

Thairis sin, molann an Rapóirtéir sainmhíniú níos uaillmhianaí maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha. De réir an togra ón gCoimisiún, cheadófaí d'fheithicil astaíochtaí nialasacha suas le 5g $CO_2$/tkm a astú, arb ionann é agus 9 % d'astaíochtaí gnáthleantóra tarracóra. Is é cuspóir an cheadaithe sin ligean d'innill débhreosla a ritheann ar mheascán hidrigine agus díosail a chatagóiriú mar astaíochtaí nialasacha. Is cur chuige rialála réasúnta é athbhreithniú a dhéanamh ar 1 g $CO_2$/tkm, lena gceadófar innill dócháin hidrigine aonbhreosla a chatagóiriú mar astaíochtaí nialasacha, agus a áirithiú ag an am céanna go gcuirfear san áireamh mar is ceart rannchuidiú na n-inneall débhreosla le laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$.

Ina theannta sin, tá 'feithiclí seirbhíse' áirithe amhail trucailí dramhaíola díolmhaithe ó na spriocanna faoin togra ón gCoimisiún. Mar sin féin, déantar a n-astaíochtaí $CO_2$ a dheimhniú faoi VECTO agus déanann monaróirí feithiclí agus Ballstáit an Aontais faireachán agus tuairisciú orthu. Ós rud é go bhfeidhmíonn trucailí dramhaíola i gcathracha den chuid is mó, bíonn tionchar suntasach acu freisin ar cháilíocht an aeir uirbigh agus cruthaíonn siad truailliú torainn nach dteastaíonn. Dá bhrí sin, ba cheart trucailí dramhaíola a áireamh faoi na spriocanna maidir le laghdú $CO_2$.

Ar an gcaoi chéanna, i measc na bhfeithiclí ag a bhfuil uasmhais níos ísle ná 5 thona acu, tá go leor trucailí seachadta uirbeacha a sholáthraíonn siopaí amhail ollmhargaí i gcathracha, agus dá bhrí sin cuirfidh a ndícharbónú le cáilíocht an aeir uirbigh a fheabhsú. Dá bhrí sin, ba

cheart leoraithe beaga a bheith faoi réir na spriocanna $CO_2$ céanna, agus ba cheart iad a shannadh do na foghrúpaí faoi seach de réir a bpróifíle misin, a míleáiste agus a bpálasta.

Molann an Rapóirtéir go ndéanfaidh an Coimsiún athbhreithniú cuimsitheach faoi 2028 ar éifeachtacht agus ar thionchar an Rialacháin agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh toradh an athbhreithnithe. Beidh togra athbhreithnithe den Rialachán, más iomchuí, ag gabháil leis an tuarascáil. Faoi 2025, ba cheart don Choimisiún Eorpach, i gcomhairle leis an gCoiste um Athrú Aeráide, athbhreithniú bliantúil a thíolacadh ar staid na gcoinníollacha cumasúcháin in aghaidh an Bhallstáit.

Ar deireadh, tá an Rapóirtéir den tuairim nach gcuirtear san áireamh i ríomh astaíochtaí $CO_2$ feithiclí tromshaothair éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr i gcás teaglamaí troma breise, le huasmhais incheadaithe os cionn 60 tona. Ós rud é gurb ionann a bpálasta toimhdithe agus pálasta na bhfeithiclí tromshaothair i bhfad níos lú laistigh de na foghrúpaí céanna, ní fhreagróidh a n-astaíochtaí ríofa $CO_2$ in aghaidh an tona/km don ualach iarbhír arna iompar ag teaglaim throm bhreise. Ba cheart fachtóir cúitimh a chur i bhfeidhm maidir le meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ na monaróirí chun na hualaí níos mó a iompraíonn teaglamaí troma breise a chúiteamh, agus a n-éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe a chur san áireamh ar an mbealach sin.

## LEASÚ

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) I ***Rialachán*** (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle cumhdaíonn*** an tAontas an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach ***faoi 2050 sa reachtaíocht***. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanas ceangailteach aeráide an Aontais maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre (an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a | (4) I ***Rialachán*** (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[11]***, chumhdaigh*** an tAontas ***sa reachtaíocht*** an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair a ***luaithe is féidir agus faoi 2050 ar a dhéanaí agus an sprioc astaíochtaí diúltacha a*** bhaint amach ***ina dhiaidh sin***. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanas ceangailteach aeráide an Aontais |

| | |
|---|---|
| asbhaint) faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030. | maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre (an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030. ***Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gur cheart go bhféachfadh an Coimisiún le gach togra reachtach agus buiséadach a bheidh ann amach anseo a ailíniú leis na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar amach sa Rialachán sin agus, i gcás neamhailínithe, na cúiseanna a sholáthar mar chuid den mheasúnú tionchair a ghabhann leis na tograí sin.*** |
| ___________________ | ___________________ |
| [11] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1). | [11] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ***Tá coinne leis*** go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar leis na laghduithe sin ***ar astaíochtaí a bhaint amach, lena n-áirítear an earnáil*** iompair de bhóthar. | (5) ***Táthar ag súil*** go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar leis na laghduithe ***astaíochtaí*** sin***, go háirithe earnáil an*** iompair de bhóthar***, arb í an t-aon earnáil í san Aontas ina bhfuil méadú ar astaíochtaí ó na 1990idí. Is ionann iompar tromshaothair go háirithe agus breis agus an ceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar de bhóthar san Aontas agus os cionn 6 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána an Aontais.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Chun rannchuidiú le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 1990 agus i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, is gá na ceanglais maidir le laghdú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1242 le haghaidh feithiclí tromshaothair a neartú. Is gá conair shoiléir a shocrú freisin le haghaidh tuilleadh laghduithe ó 2030 ar aghaidh chun rannchuidiú le cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050. | (8) Chun rannchuidiú le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 1990 agus i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, is gá na ceanglais maidir le laghdú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1242 le haghaidh feithiclí tromshaothair a neartú. Is gá conair shoiléir a shocrú freisin le haghaidh tuilleadh laghduithe ó 2030 ar aghaidh chun rannchuidiú le cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050. ***Tá gá le gníomhaíochtaí uaillmhianacha maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa san iompar de bhóthar, ach tá gá freisin le laghduithe ar astaíochtaí in earnálacha eile, lena n-áirítear earnálacha ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a laghdú.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8 a) Beidh ról lárnach ag na ceanglais laghdaithe astaíochtaí CO2 d'fheithiclí tromshaothair a neartú agus an bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe is gá a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí fhlít iomlán na bhfeithiclí tromshaothair a laghdú, ach ba cheart é a chomhlánú freisin le tionscnaimh eile arb é is aidhm dóibh dlús a chur le haistriú módach ón mbóthar go dtí an t-iarnród agus lasta iarnróid a mhéadú.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9 a) Tá acmhainneacht láidir ag feithiclí ceallra-leictreacha, ag feithiclí um chealla breosla agus ag feithiclí eile faoi thiomáint hidrigine chun codanna áirithe den earnáil iompair tromshaothair a dhícharbónú agus ba cheart a bhforbairt a spreagadh.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart spriocanna láidrithe nua i leith laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ a shocrú d'fheithiclí tromshaothair nua don tréimhse ó 2030 ar aghaidh. Ba cheart na spriocanna sin a shocrú ar leibhéal lena dtabharfar comhartha láidir chun dlús a chur le glacadh ***na bhfeithiclí*** astaíochtaí nialasacha ar mhargadh an Aontais agus chun ***an*** nuálaíocht ***sa teicneolaíocht*** astaíochtaí nialasacha a ***spreagadh*** ar bhealach costéifeachtach. | (10) I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart spriocanna láidrithe nua i leith laghduithe ar astaíochtaí $CO_2$ a shocrú d'fheithiclí tromshaothair nua don tréimhse ó 2030 ar aghaidh. Ba cheart na spriocanna sin a shocrú ar leibhéal lena dtabharfar comhartha láidir chun dlús a chur le glacadh ***feithiclí*** astaíochtaí nialasacha ar mhargadh an Aontais agus ***ba cheart iad a bheith comhsheasmhach le hinfhaighteacht coinníollacha cumasúcháin, eadhon líonra dlúth a dhóthain de bhonneagar breoslaí malartacha,*** chun nuálaíocht ***i dteicneolaíochtaí*** astaíochtaí nialasacha a ***chur chun cinn*** ar bhealach costéifeachtach.<br><br>***Ba cheart a áirithiú leis sin go gcoinneoidh cuideachtaí Eorpacha ceannródaíche ar an margadh domhanda, agus go rannchuideoidh siad leis na costais reatha do chuideachtaí iompair a laghdú, agus a áirithiú ag an am céanna gcomhlíonfaidh an tAontas a chuspóirí*** |

***maidir le truailliú aeráide agus aeir.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10 a) Bíonn tionchar mór ag neamhchosaint ar thruailliú aeir, lena n-áirítear truailliú ó iompar de bhóthar, ar dhaonra uirbeach an Aontais, agus tá baint aige le bás anabaí. Trí dhlús a chur le leathadh amach feithiclí feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle, cuideoidh ceanglais neartaithe maidir le laghdú astaíochtaí CO2 freisin le truailliú aeir ón iompar de bhóthar a laghdú.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Straitéis Nua Thionsclaíoch[14] déantar foráil maidir le conairí glasa agus conairí i dtreo an aistrithe dhigitigh a chomhchruthú i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, údaráis phoiblí, comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile. Sa chomhthéacs sin, tá conair i dtreo an aistrithe á forbairt le haghaidh éiceachóras na soghluaisteachta le gabháil le haistriú an tslabhra luacha sa tionscal mótarfheithiclí. Leis an gconair sin, tugtar aird ar leith ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide sa slabhra soláthair sa tionscal mótarfheithiclí, ar an gcomhairliúchán le páirtithe sóisialta lena n-áirítear leis na Ballstáit, agus ba cheart cur leis an gClár Oibre Scileanna don Eoraip leis an gconair freisin, le tionscnaimh cosúil leis an gComhaontú um | Leis an Straitéis Nua Thionsclaíoch[14] déantar foráil maidir le conairí glasa agus conairí i dtreo an aistrithe dhigitigh a chomhchruthú i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, údaráis phoiblí, comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile. Sa chomhthéacs sin, tá conair i dtreo an aistrithe á forbairt le haghaidh éiceachóras na soghluaisteachta le gabháil le haistriú an tslabhra luacha sa tionscal mótarfheithiclí. Leis an gconair sin, tugtar aird ar leith ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide sa slabhra soláthair sa tionscal mótarfheithiclí, ar an gcomhairliúchán le páirtithe sóisialta lena n-áirítear leis na Ballstáit, agus ba cheart cur leis an gClár Oibre Scileanna don Eoraip leis an gconair freisin, le tionscnaimh cosúil leis an gComhaontú um |

| | |
|---|---|
| Scileanna chun an earnáil phríobháideach a shlógadh mar aon le páirtithe leasmhara eile chun lucht oibre na hEorpa a uas-sciliú agus a athsciliú i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus ar an 'Sásra Chun Cur leis an Tallann' faoi chuimsiú an tionscnaimh 'Leas a bhaint as Buanna i Réigiúin an Aontais'. Tá an chonair ag dul i ngleic freisin leis na gníomhaíochtaí iomchuí agus leis na dreasachtaí iomchuí ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun borradh a chur faoi inacmhainneacht na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha. D'***fhéadfaí a áireamh*** leis sin, mar shampla, an fhéidearthacht do na Ballstáit an Ciste Aeráide Sóisialta atá beartaithe a úsáid chun cabhrú le micrifhiontair trucailí agus leoraithe astaíochtaí nialasacha a cheannach. | Scileanna chun an earnáil phríobháideach a shlógadh mar aon le páirtithe leasmhara eile chun lucht oibre na hEorpa a uas-sciliú agus a athsciliú i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus ar an 'Sásra Chun Cur leis an Tallann' faoi chuimsiú an tionscnaimh 'Leas a bhaint as Buanna i Réigiúin an Aontais'. Tá an chonair ag dul i ngleic freisin leis na gníomhaíochtaí iomchuí agus leis na dreasachtaí iomchuí ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun borradh a chur faoi inacmhainneacht na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha. D'***fhéadfadh sé go n-áireofaí*** leis sin, mar shampla, an fhéidearthacht do na Ballstáit an Ciste Aeráide Sóisialta atá beartaithe a úsáid chun cabhrú le micrifhiontair trucailí agus leoraithe astaíochtaí nialasacha a cheannach. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an tionchar a bheidh ag an aistriú sin ar FBManna feadh an tslabhra soláthair.*** |
| [14] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa], COM(2021) 350 final an 5 Bealtaine 2021. | [14] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa], COM(2021) 350 final an 5 Bealtaine 2021. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ***Déanfar na spriocanna le haghaidh fhlít uile an Aontais a chomhlánú le leathadh amach*** riachtanach an bhonneagair athluchtaithe agus ***athbhreoslaithe mar a leagtar amach sa Togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le himscaradh*** | (12) ***Tá sé fógartha cheana féin ag roinnt Ballstát go rachaidh siad thar na híoscheanglais sin, agus tá comhfhiontair cruthaithe ag roinnt monaróirí trucailí Eorpacha chun líonraí luchtaithe poiblí a shuiteáil agus a oibriú ar fud na hEorpa. Spreagfaidh an rialachán seo tuilleadh*** |

| | |
|---|---|
| ***bonneagair breoslaí ionadúla[16]***. | ***infheistíochta i mbonneagar athluchtaithe freisin trí chinnteacht a chur ar fáil d'infheisteoirí go mbeidh méadú ar an éileamh. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh freisin chun bearta a áireamh ina gcreataí beartais náisiúnta athbhreithnithe chun tacú le himscaradh bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe in iostaí, in ionaid lóistíochta agus i dtrádstórais. Rannchuideoidh na tionscnaimh sin go léir le feidhmiú céimneach*** riachtanach an bhonneagair athluchtaithe agus ***athbhreoslaithe[16]***. |
| [16] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 14.7.2021, COM/2021/559 final. | [16] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 14.7.2021, COM/2021/559 final. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12 a) Ina theannta sin, tá imscaradh bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe i suíomhanna príobháideacha, amhail in iostaí príobháideacha agus ag lárionaid lóistíochta, chomh tábhachtach céanna, chun luchtú thar oíche agus luchtú cinn scríbe a áirithiú. Tá sé fíor-riachtanach nach bhfágfar aon réigiún Eorpach ar lár agus go dtabharfar aghaidh mar is cuí ar dhifríochtaí réigiúnacha maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha nó i réigiúin a bhfuil riachtanais agus cúinsí sonracha acu, amhail na réigiúin thuaithe agus na réigiúin atá tearc i ndaonra, na réigiúin iargúlta agus na*** |

***réigiúin is forimeallaí, na réigiúin oileánacha agus na réigiúin shléibhtiúla. Is coinníoll cumasúcháin é an líonra poiblí agus príobháideach sin de stáisiúin athluchtaithe agus athbhreoslaithe chun go mbeidh monaróirí in ann na spriocanna maidir le laghdú CO2 a bhaint amach.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 12 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12 b) Chun dul san iomaíocht ar scála domhanda, ní mór do Thionscal na hEorpa a bheith réidh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus chun an bonneagar cuí a chur ar fáil. Ar na cúiseanna sin, tá gá le líonra pointí luchtaithe poiblí atá ar fáil go forleathan agus atá iontaofa chun tacú le líon na bhfeithiclí leictreacha atá ag dul i méid ar an mbóthar.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 12 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12 c) Cé go bhfuil gá le caighdeáin CO2 níos uaillmhianaí chun glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a mhéadú trí aghaidh a thabhairt ar thaobh an tsoláthair, ní mór iad a chomhlánú le coinníollacha cumasúcháin breise ar thaobh an éilimh le haghaidh feithiclí atá níos éifeachtúla ó thaobh breosla de, go háirithe bearta éifeachtacha praghsála carbóin.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ***Chun an t-aistriú chuig an aeráidneodracht a bhaint amach, tá*** gá le hinfheistíochtaí ***móra*** sna heangacha leictreachais lena n-áirítear acmhainneacht fheabhsaithe, athléimneacht agus stóráil ***fheabhsaithe***, chomh maith le naisc bhreise. ***Maidir leis na feithiclí tromshaothair, leis na spriocleibhéil atá beartaithe in Airteagal 3a don bhliain 2030, beidh sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha i bhflít iomlán na bhfeithiclí atá ag gluaiseacht ar an mbóthar chomh maith leis an ídiú leictreachais san earnáil teoranta i gcónaí. Dá bhrí sin, beidh an tionchar gaolmhar ar an eangach leictreachais teoranta i gcónaí freisin.*** | (13) ***Gan amhras, beidh*** gá le hinfheistíochtaí ***suntasacha*** sna heangacha leictreachais ***chun ceallraí leictreacha, feithiclí um chealla breosla agus feithiclí eile faoi thiomáint hidrigine a chur in úsáid,*** lena n-áirítear acmhainneacht fheabhsaithe, athléimneacht agus stóráil, chomh maith le naisc bhreise ***agus oiriúnú iompraíochta ionas go dtabharfar aghaidh ar uaireanta buaicéilimh gan rioscaí maidir le cinnteacht an tsoláthair***. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14 a) Tá rochtain ar oiliúint agus ar athsciliú in go leor earnálacha, lena n-áirítear earnáil na bhfeithiclí tromshaothair ar gá athruithe bunúsacha a dhéanamh uirthi, ríthábhachtach le haghaidh aistriú atá cóir go sóisialta. Ní mór do thionscal na bhfeithiclí tromshaothair a chinntiú go mbeidh rochtain ag fostaithe ar dheiseanna athscilithe, agus spreagtar iad chun na deiseanna sin a ghlacadh, gan aon chostas dá gcuid féin. Chun aistriú cothrom agus éifeachtach a áirithiú, tá sé ríthábhachtach na hathruithe tuartha ar mhargadh fostaíochta thionscal na bhfeithiclí tromshaothair a mhapáil agus*** |

***a anailísiú.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Mar gheall ar struchtúr ilchineálach ***an fhlít*** trucaile iomláin, ní féidir a thuar go hiomlán an mbeidh forbairtí teicneolaíochtaí tapa go leor le haghaidh gach úsáide ***nideoige*** chun a áirithiú go mbeidh teicneolaíocht sceithphíopa astaíochtaí nialasacha ina rogha inmharthana. ***D'fhéadfaí a áireamh*** leis sin úsáid amhail feithiclí tromshaothair cianaistir i moirfeolaíocht chríochach shonrach agus in imthosca meitéareolaíocha, cóistí agus leoraithe le haghaidh feidhmeanna ríthábhachtacha slándála agus sábháilteachta nach féidir a chomhlíonadh le teicneolaíochtaí sceithphíopa astaíochtaí nialasacha. Ba cheart na feithiclí i gceist a bheith ina sciar teoranta den fhlít feithiclí tromshaothair ina hiomláine. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ba cheart cuid bheag a fhágáil i sprioc 2040 chun forbairtí sa teicneolaíocht nach ann dóibh go fóill a chur san áireamh. | (15) Mar gheall ar struchtúr ilchineálach ***na flíte*** trucaile iomláin, ní féidir a thuar go hiomlán an mbeidh forbairtí teicneolaíochtaí tapa go leor le haghaidh gach úsáide chun a áirithiú go mbeidh teicneolaíocht sceithphíopa astaíochtaí nialasacha ina rogha inmharthana. ***Áirítear*** leis sin úsáid amhail feithiclí tromshaothair cianaistir i moirfeolaíocht chríochach shonrach agus in imthosca meitéareolaíocha, cóistí agus leoraithe le haghaidh feidhmeanna ríthábhachtacha slándála agus sábháilteachta nach féidir a chomhlíonadh le teicneolaíochtaí sceithphíopa astaíochtaí nialasacha. ***Chomh maith leis sin, ní mór cóistí a bheith ar fáil mar gheall ar na cúiseanna sábháilteachta náisiúnta agus an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as aslonnuithe sibhialta.*** Ba cheart na feithiclí i gceist a bheith ina sciar teoranta den fhlít feithiclí tromshaothair ina hiomláine. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ba cheart cuid bheag a fhágáil i sprioc 2040 chun forbairtí sa teicneolaíocht nach ann dóibh go fóill a chur san áireamh. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15 a) Ní mór don Aontas Eorpach leanúint de dhlús a chur le hastaíochtaí CO2 a laghdú agus d'astaíochtaí a laghdú*** |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***i ngach earnáil, gach bliain. Chun spriocanna uaillmhianacha an rialacháin seo a bhaint amach, ní mór ról tábhachtach a bheith ag bithbhreoslaí agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBO) amhail díorthaigh hidrigine san aistriú. Chun an bealach a réiteach d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha leictreacha nó hidrigine agus chun rialáil shocair shoiléir a chruthú d'éileamh an mhargaidh, tá sé tábhachtach an sprioc uaillmhianach 90 faoin gcéad a leagan síos do 2040, ós rud é nach feithiclí ceallra-leictreacha ach 1-2 % de na trucailí tromshaothair a dhíoltar faoi láthair.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 15 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(15 b) Tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a fhoilsiú maidir le clárú feithiclí tromshaothair a ritheann go heisiach ar bhreoslaí in-athnuaite chun críocha comhlíontachta i gcomhréir le dlí an Aontais agus le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais. Ba cheart don Choimisiún an mheastóireacht sin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tograí le haghaidh bearta leantacha, amhail tograí reachtacha, a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***De ghnáth, úsáidtear trucailí de na teaglamaí is mó ar mó iad ná 70 tonna le haghaidh achair fhada agus is gá iad a aicmiú i bhfoghrúpa sonrach, toisc gur gá a ríomh astaíochtaí CO2 a choigeartú de réir a saintréithe sonracha, chun a bpálasta iarbhír agus a dtimthriall tiomána ceart a chur san áireamh.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 21 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le grúpaí feithiclí áirithe, feithiclí atá cineálcheadaithe, nach gcinntear astaíochtaí $CO_2$ ina leith go fóill ar chúiseanna teicniúla, ní gá do na feithiclí sin na spriocanna $CO_2$ a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach. Is éard atá i gceist leo sin, mar shampla, feithiclí sainchuspóireacha, amhail craenacha soghluaiste, iompróirí hiodrálacha trealaimh nó feithiclí iompair le haghaidh ualach eisceachtúil, feithiclí easbhóthair, amhail feithiclí áirithe a úsáidtear chun críocha mianadóireachta, foraoiseachta agus talmhaíochta, chomh maith le feithiclí eile a bhfuil cumraíochtaí acastóra neamhchaighdeánacha acu amhail feithiclí a bhfuil níos mó ná ceithre acastóir nó níos mó ná dhá acastóir tiomána acu, busanna beaga ag a bhfuil uasmhais níos ísle ná ***7.5 t acu, agus leoraithe beaga ag a bhfuil uasmhais níos lú ná 5 t.*** | Maidir le grúpaí feithiclí áirithe, feithiclí atá cineálcheadaithe, nach gcinntear astaíochtaí $CO_2$ ina leith go fóill ar chúiseanna teicniúla, ní gá do na feithiclí sin na spriocanna $CO_2$ a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach. Is éard atá i gceist leo sin, mar shampla, feithiclí sainchuspóireacha, amhail craenacha soghluaiste, iompróirí hiodrálacha trealaimh nó feithiclí iompair le haghaidh ualach eisceachtúil, feithiclí easbhóthair, amhail feithiclí áirithe a úsáidtear chun críocha mianadóireachta, foraoiseachta agus talmhaíochta, chomh maith le feithiclí eile a bhfuil cumraíochtaí acastóra neamhchaighdeánacha acu amhail feithiclí a bhfuil níos mó ná ceithre acastóir nó níos mó ná dhá acastóir tiomána acu, ***agus*** busanna beaga ag a bhfuil uasmhais níos ísle ná ***7.5 t acu, agus leoraithe beaga ag a bhfuil uasmhais níos lú ná 5 t.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 21 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Feithiclí oibre, ***amhail trucailí dramhaíola,*** dumpairí nó meascthóirí coincréite, ba cheart iad a dhíolmhú i gcónaí ó ríomh mheánastaíochtaí sonracha CO2 na monaróirí. | Feithiclí oibre, dumpairí nó meascthóirí coincréite, ba cheart iad a dhíolmhú i gcónaí ó ríomh mheánastaíochtaí sonracha CO2 na monaróirí. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Anuas air sin, chun forbairt teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha nua a neartú i gcuideachtaí speisialaithe beaga agus meánmhéide, ba cheart é a bheith indéanta freisin feithiclí astaíochtaí nialasacha a aistriú idir eintitis nach bhfuil nasctha. | (30) Anuas air sin, chun forbairt teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha nua a neartú i gcuideachtaí speisialaithe beaga agus meánmhéide, ba cheart é a bheith indéanta freisin feithiclí astaíochtaí nialasacha a aistriú idir eintitis nach bhfuil nasctha***, agus a aistriú chuig feithiclí atá ann cheana a ndearnadh aisfheistiú orthu le go mbeidís ina bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha. Is deis iontach é na feithiclí atá ann cheana a aisfheistiú chun dlús a chur leis an aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha ar bhealach costéifeachtúil agus tíosach ar acmhainní.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 1 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunaítear sa Rialachán seo ceanglais feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 i gcás feithiclí tromshaothair nua chun rannchuidiú le ***sprioc*** an Aontais a ***astaíochtaí gás ceaptha teasa*** a ***laghdú a*** bhaint amach, | 1. Bunaítear sa Rialachán seo ceanglais feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 i gcás feithiclí tromshaothair nua chun rannchuidiú le ***cuspóir aeráidneodrachta*** an Aontais ***agus*** a ***spriocanna idirmheánacha Aontais*** a |

mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/842[23], agus chun rannchuidiú le cuspóirí Chomhaontú ***Pháras*** a bhaint amach agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

[23] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 16, 19.6.2018, lch. 26).

[24] IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

bhaint amach ***a bhaint amach***, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/842[23], agus chun rannchuidiú le cuspóirí Chomhaontú ***Pháras[24]*** a bhaint amach agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

[23] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 16, 19.6.2018, lch. 26).

[24] IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe c**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 1 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Feithiclí seachas na feithiclí sin dá dtagraítear i ***mír 4*** atá cláraithe lena n-úsáid ag an gcosaint shibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí, as seirbhísí armtha nó as cúram leighis práinneach a choinneáil ar bun, ní bheidh siad faoi réir na spriocanna maidir le hastaíochtaí CO2 faoi Airteagal 3a, má léiríonn Ballstát amhlaidh sa phróiseas clárúcháin agus tuairiscithe, agus ar an gcaoi sin á dheimhniú sna sonraí arna dtuairisciú i gcomhréir le Cuid A d’Iarscríbhinn IV nach féidir feithicil astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle a sheirbheáil go cothrom ar chuspóir na feithicle agus gurb é leas an phobail, dá bhrí sin, feithicil a chlárú le hinneall | 5. Feithiclí seachas na feithiclí sin dá dtagraítear i ***mír 4*** atá cláraithe lena n-úsáid ag an gcosaint shibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí, as seirbhísí armtha nó as cúram leighis práinneach a choinneáil ar bun, ***nó trucailí de chatagóir N3 i ngrúpa 11, 12 nó 16, ar trucailí iad a cheadaítear le húsáid faoina gclárú le haghaidh teaglamaí tarraingthe ag a bhfuil uasmhais incheadaithe os cionn 70 tona,*** ní bheidh siad faoi réir na spriocanna maidir le hastaíochtaí CO2 faoi Airteagal 3a, má léiríonn Ballstát amhlaidh sa phróiseas clárúcháin agus tuairiscithe, agus ar an gcaoi sin á dheimhniú sna sonraí arna dtuairisciú i gcomhréir le Cuid A |

| | |
|---|---|
| dócháin chun an cuspóir sin a chomhlíonadh. | d'Iarscríbhinn IV nach féidir feithicil astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle a sheirbheáil go cothrom ar chuspóir na feithicle agus gurb é leas an phobail, dá bhrí sin, feithicil a chlárú le hinneall dócháin chun an cuspóir sin a chomhlíonadh. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe i**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 3 – pointe 23 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23 a) Ciallaíonn 'breoslaí atá incháilithe do CCF' bithghás mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (28) de (AE) 2018/2001, bithbhreoslaí ardfhorbartha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (34) de (AE) 2018/2001 agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (36) de (AE) 2018/2001, a chomhlíonann na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe i**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 3 – pointe 23 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23 b) Ciallaíonn 'Fachtóir Ceartúcháin Carbóin (CCF)' fachtóir a chuireann ceartú i bhfeidhm ar astaíochtaí sceithphíopa CO2 feithiclí don mheasúnú ar chomhlíonadh, chun déine na n-*** |

***astaíochtaí gás ceaptha teasa agus an sciar de Bhreoslaí Neodracha CO2, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(23a) den Rialachán seo, a léiriú.***

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe i**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 3 – pointe 23 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23 c) Ciallaíonn Comhcheangail Thromacha Bhreise (EHC) feithiclí ag a bhfuil uasmhais incheadaithe os cionn 60 tona, i gcomparáid le 40 tona ar an meán san Aontas. Ós rud é go nglactar leis an bpálasta céanna leis an bhfoirmle chun astaíochtaí CO2 a ríomh agus atá ag feithiclí tromshaothair atá i bhfad níos lú, ba cheart an fhoirmle a mhodhnú chun éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe na teaglamaí breise troma sin a chur san áireamh chun léiriú níos fearr a thabhairt ar na fíorastaíochtaí saoil.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 3a – mír 1 – pointe 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. I gcomhréir le pointe 1.1.4 d'Iarscríbhinn I, cuirfear feithiclí tromshaothair nach bhfuil sannta do cheann de na foghrúpaí i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha na spriocanna maidir le laghdú a leagtar amach i mír 1 ag monaróirí.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 3b – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le feithiclí dá dtagraítear i bpointe 4.2 d'Iarscríbhinn I, comhlíonfaidh monaróirí sciar íosta na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha ina bhflít feithiclí tromshaothair nua mar a leagtar síos i bpointe 4.3 d'Iarscríbhinn I. ***Maidir le*** busanna uirbeacha nua, ***100 % a bheith i*** sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha ón tréimhse tuairiscithe don bhliain 2030.***;*** | 1. Maidir le feithiclí dá dtagraítear i bpointe 4.2 d'Iarscríbhinn I, comhlíonfaidh monaróirí sciar íosta na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha ina bhflít feithiclí tromshaothair nua mar a leagtar síos i bpointe 4.3 d'Iarscríbhinn I. ***I gcás*** busanna uirbeacha nua, ***beidh*** sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha ***cothrom le 90 % amhail*** ón tréimhse tuairiscithe don bhliain 2030 ***agus 100 % amhail ó thréimhse tuairiscithe na bliana 2035***. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 3b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit ***cinneadh a dhéanamh*** sciar teoranta de na busanna uirbeacha a chláraítear i ngach tréimhse tuairiscithe a eisiamh ón oibleagáid faoin Airteagal seo, ***lena ndeimhnítear nach féidir le feithicil astaíochtaí nialasacha freastal ar chuspóir na feithicle ar bhealach comhionann agus, dá bhrí sin, gur*** chun ***leas*** an phobail ***é feithicil nach feithicil astaíochtaí nialasacha í a chlárú chun an cuspóir sin a chomhlíonadh, de bharr an chostais shocheacnamaíoch*** i bhfianaise moirfeolaíocht chríochach shonrach nó imthosca meitéareolaíocha. | Féadfaidh na Ballstáit ***a chinneadh*** sciar teoranta de na busanna uirbeacha a chláraítear i ngach tréimhse tuairiscithe a eisiamh ón oibleagáid faoin Airteagal seo, chun ***leasa*** an phobail***, mar gheall ar chostas socheacnamaíoch*** i bhfianaise moirfeolaíocht chríochach shonrach nó imthosca meitéareolaíocha ***sonracha agus ar chúiseanna slándála náisiúnta agus chun aghaidh a thabhairt ar thubaiste nádúrtha***. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 3c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain conarthaí poiblí do cheannach nó d'úsáid na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 3b ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch lena n-áireofar an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr agus ***an ranníocaíocht maidir le slándáil soláthair*** na tairisceana, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha. | 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain conarthaí poiblí do cheannach nó d'úsáid na bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagal 3b ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch lena n-áireofar an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr agus ***rannchuidiú*** na tairisceana ***i dtéarmaí chinnteacht an tsoláthair agus na gcritéar sóisialta agus comhshaoil***, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 4 – mír 1 – pointe -a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(a a) in Airteagal 4, an chéad mhír, cuirtear an pointe (c) seo a leanas léi:*** |
| | ***'(c) cur i bhfeidhm an Fhachtóra Ceartúcháin Carbóin (CCF) ó 2030 ar aghaidh arna chinneadh i gcomhréir le pointe 2.1. d'Iarscríbhinn I.*** |
| | ***Beidh teorainn le héifeacht CCF ionas nach gcuirfear san áireamh ach méideanna breise breoslaí a sháraíonn an fhosprioc cheangailteach do bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus do bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch i sciar na bhfuinneamh in-athnuaite a sholáthraítear don earnáil iompair, mar a*** |

| | |
|---|---|
| | ***shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** |
| | ***Socrófar uasteorainn lena áirithiú nach bhféadfar níos mó ná 10 bpointe céatadáin de na spriocanna laghdaithe astaíochtaí CO2 do na blianta 2030, 2035 agus 2040 a bhaint amach tríd an bhfachtóir ceartúcháin carbóin. Dá bhrí sin, socrófar uasteorainn do na blianta 2030-2034 ionas go gcuirfear sciar suas le 12.5 % de bhreoslaí atá incháilithe do CCF, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 den Rialachán seo, san áireamh san fhachtóir. I gcás na mblianta 2035-2039 beidh an sciar suas le 17 % agus ó 2040 ar aghaidh go dtí 40 %.'*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 - pointe b a (nua)**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 5 – mír 3 – pointe 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) in Airteagal 5, an tríú mír, cuirtear an pointe (3a) seo a leanas léi:*** |
| | ***Fachtóir cúitimh a leithdháileadh ar na trucailí N3 sin ina gcláraítear den chéad uair le linn na tréimhse tuairiscithe agus ar ceadaíodh iad a úsáid sna Ballstáit ag a bhfuil na maiseanna comhcheangailte níos airde is infheidhme maidir le hiompar breise de theaglaim throm, atá os cionn 60 tona. Maidir leis an bhfachtóir cúitimh dá dtagraítear san Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2024, gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun leasuithe a dhéanamh ar an bhfoirmle ríofa maidir le meánastaíochtaí sonracha CO2 na monaróirí in Iarscríbhinn I pointe 2.7, chun an éifeachtúlacht fuinnimh níos airde atá ag teaglamaí troma breise a chúiteamh agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***an saobhadh ina n-astaíochtaí ríofa a cheartú.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe d**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Aistreofar, i gcás ina mbeidh fáil orthu, creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta a gheofar i dtréimhsí tuairiscithe na mbliana 2025 go 2039, ó thréimhse tuairiscithe féilire amháin go dtí an chéad tréimhse tuairiscithe eile. Glanfar aon fhiacha astaíochta a bheidh fágtha i ***dtréimhsí*** tuairiscithe na bliana ***2029, 2034 agus*** 2039. | Aistreofar, i gcás ina mbeidh fáil orthu, creidmheasanna astaíochta agus fiacha astaíochta a gheofar i dtréimhsí tuairiscithe na mbliana 2025 go 2039, ó thréimhse tuairiscithe féilire amháin go dtí an chéad tréimhse tuairiscithe eile. Glanfar aon fhiacha astaíochta a bheidh fágtha***, áfach,*** i ***dtréimhse*** tuairiscithe na bliana 2039. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, ***in 2028***, ar éifeachtacht agus ar thionchar an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh toradh an athbhreithnithe. | Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, ***in 2027***, ar éifeachtacht agus ar thionchar an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh toradh an athbhreithnithe. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18**
Rialachán (AE) 2019/1242
Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ba cheart measúnú a dhéanamh sa tuarascáil ar an bhféidearthacht trucailí de chatagóir N3 i ngrúpaí 11, 12 agus 16 a chur san áireamh sa raon feidhme, ar trucailí iad a cheadaítear le húsáid faoina gclárú le haghaidh teaglamaí tarraingthe a bhfuil uasmhais incheadaithe níos mó ná 70 tona acu, ar choinníoll gur forbraíodh ríomh astaíochtaí na bhfeithiclí sin chun a saintréithe sonracha mar tharracóirí de theaglamaí troma a chur san áireamh.*** |
| | ***Faoin 31 Nollaig 2025 agus gach bliain ina dhiaidh sin, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le staid na gcoinníollacha cumasúcháin chun feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a ghlacadh ar an margadh san Aontas. Sa tuarascáil sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú go háirithe ar na gnéithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:*** |
| | ***(a) clárú na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha sna Ballstáit,*** |
| | ***(b) bonneagar luchtaithe agus athbhreoslaithe atá oiriúnach d'fheithiclí tromshaothair a imscaradh sna Ballstáit,*** |
| | ***(c) cur chun feidhme na muirear ar úsáideoirí bóithre arna ndifreáil ag astaíochtaí CO2 sna Ballstáit,*** |
| | ***(d) leibhéal mheánphraghas na lamháltas faoin gcóras nua trádála astaíochtaí lena gcumhdaítear iompar de bhóthar,*** |
| | ***(e) bearta eile lena dtacaítear le glacadh feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha.*** |
| | ***Má thagann an tuarascáil ar an tátal nach bhfuil na coinníollacha cumasúcháin, go háirithe faoi mhíreanna (b), (c) nó (d), i gcomhréir leis na spriocanna do mhonaróirí feithiclí sna hAirteagail 3a agus b den Rialachán seo,*** |

*cuirfear torthaí na tuarascála san áireamh le haghaidh athbhreithnithe amach anseo ar Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar Threoir (AE) 2022/362 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus ar Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*

***Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2026, tuarascáil a fhoilsiú ina leagtar amach modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar na hastaíochtaí CO2 ar feadh shaolré iomlán ó fheithiclí tromshaothair a chuirtear ar mhargadh an Aontais, agus chun tuairisciú a dhéanamh ar shonraí na n-astaíochtaí sin i rith an ama. Déanfaidh an Coimisiún an mheastóireacht sin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tograí le haghaidh bearta leantacha, amhail tograí reachtacha, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.***

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 1.1.4 (nua)**

Rialachán (AE) 2019/1242
Iarscríbhinn I – tábla 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
|---|---|
| | |
| *Leasú* | |
| ***1.1.4 Maidir le leoraithe beaga nua de chatagóir N2, nach mbaineann le ceann de na foghrúpaí a leagtar amach i bpointí 1.1.1 agus 1.1.2, agus nár cinneadh fós aon astaíochtaí CO2 ina leith ar chúiseanna teicniúla i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2400, ach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus a bhearta cur chun feidhme nó Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus a bhearta cur chun feidhme, déanfar iad a shannadh do na foghrúpaí seo a leanas chun críocha an Rialacháin seo:*** | |
| ***Saintréithe na feithicle*** | ***Foghrúpa feithiclí (sg) a shanntar chun críocha an Rialacháin seo*** |
| ***Catagóir N; TPMLM* ≤ 5 t*** | ***53*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 1.2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | | |
|---|---|---|
| 1.2. Sainmhínítear feithiclí oibre leis na critéir seo a leanas: | | |
| Catagóir feithicle | Cumraíocht fonnaidh | Critéir le haghaidh feithiclí oibre |
| N | Docht | Úsáidtear ceann de na digití seo a leanas, mar a liostaítear i bhFoscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, chun cód an chabhalra a léirítear in iontráil 38 den deimhniú comhréireachta a fhorlíonadh:<br>09, 10, 15, 16, ***18,*** 19, 20, 23, 24, 25, 26, 27, 28, 31 |
| | Tarracóir | Nach mó ná 79 km/h an t-uasluas |
| *Leasú* | | |
| 1.2. Sainmhínítear feithiclí oibre leis na critéir seo a leanas: | | |

| Catagóir feithicle | Cumraíocht fonnaidh | Critéir le haghaidh feithiclí oibre |
|---|---|---|
| N | Docht | Úsáidtear ceann de na digití seo a leanas, mar a liostaítear i bhFoscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, chun cód an chabhalra a léirítear in iontráil 38 den deimhniú comhréireachta a fhorlíonadh:<br>09, 10, 15, 16, 18, 19, 20, 23, 24, 25, 26, 27, 28, 31 |
| | Tarracóir | Nach mó ná 79 km/h an t-uasluas |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**IARSCRÍBHIN 1 –2 –2.1.**
Rialachán (AE) 2019/1242
Iarscríbhinn I – pointe 2.1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* |
|---|
| 2.1 Astaíochtaí sonracha CO2 ó fheithicil tromshaothair nua a ríomh |
| Déanfar na hastaíochtaí sonracha in g/km ó fheithicil tromshaothair nua v atá sannta d'fhoghrúpa *sg* nó óna príomhfheithicil a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:<br>$$CO2_v = \sum_{mp} W_{sg,mp} \times CO2_{v,mp}$$<br>$$CO2\mathrm{p}_v = \sum_{mp} W_{sg,mp} \times CO2\mathrm{p}_{v,mp}$$<br>sna cásanna seo a leanas:<br>$\sum_{mp}$ an tsuim thar gach próifíl mhisin mp a liostaítear i dTábla 2;<br>*inarb é sg* an foghrúpa dár sannadh an fheithicil tromshaothair nua v i gcomhréir le Roinn 1 den Iarscríbhinn seo;<br>inarb é $W_{sg,mp}$ ualú na próifíle misin a shonraítear i bpointí 2.1.1 go 2.1.3;<br>inarb é $CO2_{v,mp}$ astaíochtaí $CO_2$ in g/km ó fheithicil tromshaothair nua v arna gcinneadh do phróifíl mhisin *mp*, arna tuairisciú i gcomhréir le hAirteagail 13a agus 13b agus arna normalú de bhun Iarscríbhinn III; |

| |
|---|
| Is é $CO2p_{v,mp}$ astaíochtaí CO2 in g/km ó phríomhfheithicil na feithicle tromshaothair nuaí v, arna gcinneadh do phróifíl mhisin *mp*, arna tuairisciú i gcomhréir le hAirteagail 13a agus 13b;<br>Maidir le mótarfheithiclí astaíochtaí nialasacha, socrófar na luachanna $CO2_{v,mp}$ agus $CO2p_{v,mp}$ ag 0. |
| *Leasú* |
| 2.1 Astaíochtaí sonracha CO2 ó fheithicil tromshaothair nua a ríomh |
| Déanfar na hastaíochtaí sonracha in g/km ó fheithicil tromshaothair nua v atá sannta d'fhoghrúpa *sg* nó óna príomhfheithicil a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:<br>$$CO2_v = \sum_{mp} W_{sg,mp} \times CO2_{v,mp} \times (\mathbf{1} - \boldsymbol{CCF_i})$$<br>$$CO2p_v = \sum_{mp} W_{sg,mp} \times CO2p_{v,mp} \times (\mathbf{1} - \boldsymbol{CCF_i})$$<br>sna cásanna seo a leanas:<br>$\sum_{mp}$ an tsuim thar gach próifíl mhisin *mp* a liostaítear i dTábla 2;<br>*inarb é sg* an foghrúpa dár sannadh an fheithicil tromshaothair nua v i gcomhréir le Roinn 1 den Iarscríbhinn seo;<br>Inarb é $W_{sg,mp}$ ualú na próifíle misin a shonraítear i bpointí 2.1.1 go 2.1.3;<br>inarb é $CO2_{v,mp}$ astaíochtaí $CO_2$ in g/km ó fheithicil tromshaothair nua v arna gcinneadh do phróifíl mhisin *mp*, arna tuairisciú i gcomhréir le hAirteagail 13a agus 13b agus arna normalú de bhun Iarscríbhinn III;<br>inarb é $CO2p_{v,mp}$ astaíochtaí CO2 in g/km ó phríomhfheithicil na feithicle tromshaothair nuaí v, arna gcinneadh do phróifíl mhisin *mp*, arna tuairisciú i gcomhréir le hAirteagail 13a agus 13b;<br>***inarb é*** $\boldsymbol{CCF_i}$ ***an Fachtóir Ceartúcháin Carbóin don bhreosla nó don chumasc breoslaí atá in úsáid, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 pointe (25) agus arna ríomh de réir mhír 7 den Iarscríbhinn seo, agus a bheidh le cur i bhfeidhm ó 2030 ar aghaidh.***<br>Maidir le mótarfheithiclí astaíochtaí nialasacha, socrófar na luachanna $CO2_{v,mp}$ agus $CO2p_{v,mp}$ ag 0. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 2.7.2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2.7.2 Le haghaidh tréimhsí tuairiscithe ó 2025 ar aghaidh:

$CO2(NO) = \sum_{sg} sciar_{sg} \times MPW_{sg} \times avgCO2_{sg}$

$CO2(MCO2) = \sum_{sg} sciar_{sg} \times MPW_{sg} \times [avgCO2_{sg} \times (1 - pv_{sg}) + avgCO2p_{sg} \times pv_{sg}]$

$CO2(MZE) = \sum_{sg} sciar_{sg} \times MPW_{sg} \times (1 - zev_{sg}) \times rCO2_{sg}$

$CO2(M) = CO2\ (MCO2) + CO2(MZE)$

I gcás,

*inarb é* $\sum_{sg}$ an tsuim thar na foghrúpaí sin a chuirtear san áireamh agus an sprioc áirithe i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ de réir phointe 4.2 á ríomh;

*Feithicil astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle* mar a chinntear i bpointe 2.3 é;

$sciar_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.4 é;

$zev_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.4 é;

$pv_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.4 é;

$MPW_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.6 é;

$avgCO2_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.2 é;

$avgCO2p_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.2 é;

$rCO2_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 3.1.2 é.

*Leasú*

2.7.2 Le haghaidh tréimhsí tuairiscithe ó 2025 ar aghaidh:

$CO2(NO) = \sum_{sg} share_{sg} \times MPW_{sg} \times \mathbf{(}avgCO2_{sg} \mathbf{\times (1 - sciar_{sgEHC}) + \alpha_{sg}\ x\ avgCO2_{sg} \times sciar_{sgEHC})}$

$CO2(MCO2) = \sum_{sg} sciar_{sg} \times MPW_{sg} \times [avgCO2_{sg} \times (1 - pv_{sg}) + avgCO2p_{sg} \times pv_{sg}]$

$CO2(MZE) = \sum_{sg} sciar_{sg} \times MPW_{sg} \times (1 - zev_{sg}) \times rCO2_{sg}$

$CO2(M) = CO2\ (MCO2) + CO2(MZE)$

I gcás,

*inarb é* $\sum_{sg}$ an tsuim thar na foghrúpaí sin a chuirtear san áireamh agus

| |
|---|
| an sprioc áirithe i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ de réir phointe 4.2 á ríomh;<br>*Feithicil astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle* mar a chinntear i bpointe 2.3 é;<br>$sciar_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.4 é;<br>$zev_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.4 é;<br>$pv_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.4 é;<br>$MPW_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.6 é;<br>$avgCO2_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.2 é;<br>$avgCO2p_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 2.2 é;<br>$rCO2_{sg}$ mar a chinntear i bpointe 3.1.2 é.<br><br>***is é*** $share_{sgEHC}$ ***an sciar d'fhoghrúpa sg d'fheithiclí nua de chatagóir tromshaothair N3 an mhonaróra a cheadaítear a úsáid in EHC***<br><br>***is é*** $asg_{sg}$ ***an fachtóir cúitimh chun éifeacht phálasta níos airde EHC ar thrucailí an mhonaróra a choigeartú, ag brath ar an meánmhais chomhcheangail incheadaithe i seirbhís, ag baint úsáide as luach ualaithe thoradh na foirmle seo a leanas:***<br><br>$\alpha_{sg}$***= 1 + (-3/5****$avgGVW_{sg\ comb\ 8x4}$ ***-30)/100, le haghaidh thrucailí 8x4 EHC***<br><br>$\alpha_{sg}$***= 1 + (-3/5****$avgGVW_{sg\ comb\ eile}$ ***+19)/100, le haghaidh thrucailí 8x4 EHC***<br><br>***is é*** $avgGVW_{sg\ comb}$ ***an meán monaróra-sonrach sa tír inar cláraíodh an uasmhais chónaisc incheadaithe (tonaí) i seirbhís do thrucailí EHC atá i gceist i bhfoghrúpa sg, nuair a chomhlíontar an coinníoll seo a leanas:***<br><br>***Chun críocha astaíochtaí CO2 a ríomh, measfar trucail a chumhdaítear leis an Rialachán seo a bheith ina cuid de EHC má tá an trucail i gcatagóir N3 agus má tá uasmhais incheadaithe an chónaisc feithicle i seirbhís sa tír chlárúcháin os cionn 60 tona agus má rinneadh é a thuairisciú i gcomhréir le pointe (r) de Chuid A d'Iarscríbhinn IV.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**IARSCRÍBHIN– 4 – 4.1. – Tábla 4.2.**
Rialachán (AE) 2019/1242
Iarscríbhinn I – tábla 4.2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* |
|---|
| 4.2. Foghrúpaí feithiclí a chuirtear san áireamh agus na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus spriocanna na monaróirí i leith astaíochtaí sonracha á ríomh |

| X = 2025 | X= NO | X× MCO2 | X = MZE |
|---|---|---|---|
| foghrúpaí feithiclí, faoi réir spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ de réir Airteagal 3a mír 1 (a) | foghrúpaí feithiclí a iompraíonn earraí, faoi réir spriocanna i leith astaíochtaí CO2 de réir Airteagal 3a míreanna 1(b), 1(c) agus 1(d) agus mhír 3 | foghrúpaí feithiclí a iompraíonn daoine, faoi réir spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ de réir Airteagal 3a míreanna 1(b), 1(c) agus 1(d) | foghrúpaí feithiclí a iompraíonn daoine, faoi réir spriocanna i leith feithiclí astaíochtaí nialasacha de réir Airteagal 3b |
| 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH | Gach foghrúpa feithiclí dá dtagraítear i bpointí 1.1.1 agus 1.1.3. | 32-C2, 32-C3, 32-DD, 34-C2, 34-C3, 34-DD, | 31-LF, 31-L1, ***31-L2***, 31-DD, 33-LF, 33-L1, ***33-L2***, 33-DD, 35-FE, 39-FE |

*Leasú*

4.2. Foghrúpaí feithiclí a chuirtear san áireamh agus meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus spriocanna na monaróirí i leith astaíochtaí sonracha á ríomh

| X = 2025 | X= NO | X× MCO2 | X = MZE |
|---|---|---|---|
| foghrúpaí feithiclí, faoi réir spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ de réir Airteagal 3a mír 1 (a) | foghrúpaí feithiclí a iompraíonn earraí, faoi réir spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ de réir Airteagal 3a míreanna 1(b), 1(c) agus 1(d) agus mhír 3 | foghrúpaí feithiclí a iompraíonn daoine, faoi réir spriocanna i leith astaíochtaí $CO_2$ de réir Airteagal 3a míreanna 1(b), 1(c) agus 1(d) | foghrúpaí feithiclí a iompraíonn daoine, faoi réir spriocanna i leith feithiclí astaíochtaí nialasacha de réir Airteagal 3b |
| 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH | Gach foghrúpa feithiclí dá dtagraítear i bpointí 1.1.1 agus 1.1.3. | ***31-L2***, 32-C2, 32-C3, 32-DD, ***33-L2***, 34-C2, 34-C3, 34-DD, | 31-LF, 31-L1, 31-DD, 33-LF, 33-L1, 33-DD, 35-FE, 39-FE |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**IARSCRÍBHIN I– 4 – 4.3. – Tábla 4.3.1.**
Rialachán (AE) 2019/1242
Iarscríbhinn I – 4.3.1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.3.1 Beidh feidhm ag na spriocanna laghdaithe $CO_2$ $rf_{sg}$ agus $rfp_{sg}$ de bhun Airteagal 3a maidir le feithiclí san fhoghrúpa sg le haghaidh tréimhsí tuairiscithe éagsúla: | | | | | |
| Spriocanna laghdaithe $rf_{sg}$ agus $rfp_{sg}$ | | | | | |
| Foghrúpaí sg | | Tréimhsí tuairiscithe na mblianta | | | |
| | | 2025-2029 | 2030-2034 | 2035-2039 | Ó 2040 ar aghaidh |
| Leoraithe meánmhéide | 53, 54 | 0 | 43% | 64 % | 90% |
| Leoraithe troma > 7,4t | 1s, 1, 2, 3 | 0 | 43% | 64 % | 90% |
| Leoraithe troma > 16 t ag a bhfuil cumraíochtaí acastóirí 4x2 agus 6x4 | 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH | 15% | 43% | 64 % | 90% |
| Leoraithe troma > 16 t ag a bhfuil cumraíochtaí acastóirí speisialta | 11 12 16 | 0 | 43% | 64 % | 90% |
| Cóistí ($rf_{sg}$) | 32-C2, 32-C3, 32-DD, 34-C2, 34-C3, 34-DD, | 0 | 43% | 64 % | 90% |
| Príomhfheithiclí cóistí ($rfp_{sg}$) | 32-C2, 32-C3, 32-DD, 34-C2, 34-C3, 34-DD, | 0 | 43% | 64 % | 90% |
| Leantóirí | | 0 | ***7.5%*** | ***7.5%*** | ***7.5%*** |
| Leathleantóirí | | 0 | ***15%*** | ***15%*** | ***15%*** |

| *Leasú* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.3.1 Beidh feidhm ag na spriocanna laghdaithe $CO_2$ $rf_{sg}$ agus $rfp_{sg}$ de bhun Airteagal 3a maidir le feithiclí san fhoghrúpa sg le haghaidh tréimhsí tuairiscithe éagsúla: | | | | | |
| Spriocanna laghdaithe $rf_{sg}$ agus $rfp_{sg}$ | | | | | |
| Foghrúpaí sg | | Tréimhsí tuairiscithe na mblianta | | | |
| | | 2025-2029 | 2030-2034 | 2035-2039 | Ó 2040 ar aghaidh |
| Leoraithe meánmhéide | 53, 54 | 0 | 43% | 64 % | 90% |
| Leoraithe troma > 7,4t | 1s, 1, 2, 3 | 0 | 43% | 64 % | 90% |
| Leoraithe troma > 16 t ag a bhfuil cumraíochtaí acastóirí 4x2 agus 6x4 | 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD, 10-LH | 15% | 43% | 64 % | 90% |
| Leoraithe troma > 16 t ag a bhfuil cumraíochtaí acastóirí speisialta | 11 12 16 | 0 | 43% | 64 % | 90% |
| Cóistí ***agus Busanna Idiruirbeacha*** (*$rf_{sg}$*) | ***31-L2***, 32-C2, 32-C3, 32-DD, ***33-L2***, 34-C2, 34-C3, 34-DD, | 0 | 43% | 64 % | 90% |
| Príomhfheithiclí de chóistí ***agus Busanna Idiruirbeacha*** (*$rfp_{sg}$*) | ***31-L2***, 32-C2, 32-C3, 32-DD, ***33-L2***, 34-C2, 34-C3, 34-DD, | 0 | 43% | 64 % | 90% |
| Leantóirí | ***421, 421v, 422, 422v, 423, 431, 431v, 432, 432v, 433,*** | 0 | ***5,0*** % | ***5,0*** % | ***5,0*** % |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | ***611, 612, 611v, 612v, 621, 623, 621V, 622, 622V, 623V, 624, 624V, 625, 631, 631v, 632, 632v, 633*** | | | | |
| Leathleantóirí | ***111, 111V, 112, 112V, 113, 121, 121V, 122, 122V, 123, 123V, 124, 124V, 125, 126*** | 0 | ***5,0*** % | ***5,0*** % | ***5,0*** % |
| ***Leathleantóirí*** | ***131, 131V, 132, 132V, 133*** | ***0*** | ***5,0 %*** | ***7.5%*** | ***7.5%*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 4.3.2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.3.2 Tá na spriocanna seo a leanas i leith feithiclí astaíochtaí nialasacha $zevM_{sg}$ de bhun Airteagal 3b infheidhme maidir le feithiclí san fhoghrúpa sg le haghaidh tréimhsí tuairiscithe éagsúla: | | | | | |
| Sainorduithe maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha $zevM_{sg}$ | | | | | |
| Foghrúpaí sg | | Tréimhsí tuairiscithe na mblianta | | | |
| | | roimh 2030 | 2030-2034 | 2035-2039 | Ó 2040 ar aghaidh |
| Busanna troma uirbeacha | 31-LF, 31-L1, 31-DD, 33-LF, 33-L1, 33-DD, 35-FE, 39-FE, ***31-L2, 33-L2*** | 0 | 100% | 100% | 100% |
| *Leasú* | | | | | |

| 4.3.2 Tá na spriocanna seo a leanas i leith feithiclí astaíochtaí nialasacha $zevM_{sg}$ de bhun Airteagal 3b infheidhme maidir le feithiclí san fhoghrúpa sg le haghaidh tréimhsí tuairiscithe éagsúla: | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Sainorduithe maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha $zevM_{sg}$ | | | | | |
| Foghrúpaí *sg* | | Tréimhsí tuairiscithe na mblianta | | | |
| | | roimh 2030 | 2030-2034 | 2035-2039 | Ó 2040 ar aghaidh |
| Busanna troma uirbeacha | 31-LF, 31-L1, 31-DD, 33-LF, 33-L1, 33-DD, 35-FE, 39-FE | 0 | 100% | 100% | 100% |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 6 a (nua)**Rialachán (AE) 2019/1242
Iarscríbhinn I – pointe 7 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* |
|---|
| |
| *Leasú* |
| ***7. AN FACHTÓIR CEARTÚCHÁIN CARBÓIN (CCF) A RÍOMH*** |

***Le haghaidh gach breosla nó cumasc breoslaí i, déanfar CCF a ríomh de réir an mhodha seo a leanas:***

***Le haghaidh 'Breoslaí atá incháilithe do CCF', mar a shainmhínítear in Airteagal 3 pointe (25), CCFi = 1.***

***I gcás breoslaí traidisiúnta agus breoslaí iontaise, CCFi = 0***

***I gcás cumaisc de ghnáthbhreoslaí agus de bhreoslaí atá incháilithe do CCF, déanfar an CCF a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:***

$$\boldsymbol{CCF_i = \frac{\frac{SHARES_{n,i}}{100} + \frac{SHARES_{n-1,i}}{100} + \frac{SHARES_{n-2,i}}{100}}{3}}$$

***I gcás:***

***inarb é CCFi an Fachtóir Ceartúcháin Carbóin le haghaidh cumasc sonrach de ghnáthbhreosla i agus gach breosla incháilithe do CCF is féidir a úsáid chun é a ionadú***

***Is é SHARESn,i céatadán na mbreoslaí in-athnuaite a thuairiscítear i mbunachar sonraí na scaireanna, dá dtagraítear sa tréimhse tuairiscithe dheireanach n atá ar fáil agus arna ríomh mar mheánsciar thar Bhallstáit uile an Aontais.***

***Is é SHARESn - 1,i céatadán na mbreoslaí in-athnuaite a thuairiscítear i mbunachar sonraí Shares, dá dtagraítear sa dara tréimhse tuairiscithe dheireanach n atá ar fáil agus arna ríomh mar mheánsciar thar Bhallstáit uile an Aontais.***

***Is é SHARESn - 2,i céatadán na mbreoslaí in-athnuaite a thuairiscítear i mbunachar sonraí na scaireanna, dá dtagraítear sa tréimhse tuairiscithe dheireanach n atá ar fáil agus arna ríomh mar mheánsciar thar Bhallstáit uile an Aontais.***

***Is féidir teacht ar bhunachar sonraí Shares ag: https://ec.europa.eu/eurostat/web/energy/database/additional-data***

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – cuid A – pointe II a (nua)**
Rialachán (AE) 2019/1242
Iarscríbhinn IV (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(q a) uasmhais do thrucail de chatagóir N3 in EHC dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, mír 2.7.2. i dtír chláraithe na trucaile nuair atá an trucail cúpláilte le leathleantóir/le leantóir barra tarraingthe amháin nó níos mó;*** |

## NÓS IMEACHTA - AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena leasáitear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair nua a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956 |
| **Tagairtí** | (COM(2023)0088 – C9-0025/2023 – 2023/0042(COD)) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach | ENVI<br>29.3.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach | ITRE<br>29.3.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Miapetra Kumpula-Natri<br>19.4.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 29.6.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 31<br>–: 3<br>0: 4 |
| **Na comhaltaí a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Paolo Borchia, Beatrice Covassi, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Valter Flego, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Christophe Grudler, Henrike Hahn, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Seán Kelly, Miapetra Kumpula-Natri, Iskra Mihaylova, Angelika Niebler, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, skyttedal Sara, Riho Terras, Isabella TOVAGLIERI, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Francesca Donato, Klemen Grošelj, Elena Lizzi |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Maria Grapini, Pierre Larrouturou |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 31 | + |
|---|---|
| EPP | Asim Ademov, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Seán Kelly, Angelika Niebler, Markus Pieper, Sara Skyttedal, Riho Terras, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| Renew | Nicola Danti, Valter Flego, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen |
| S&D | Beatrice Covassi, Josianne Cutajar, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Maria Grapini, Ivo Hristov, Miapetra Kumpula-Natri, Pierre Larrouturou, Tsvetelina Penkova |

| 3 | - |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen |
| NI | Clara Ponsatí Obiols |
| Verts/ALE | Henrike Hahn |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ID | Paolo Borchia, Elena Lizzi, Isabella Tovaglieri |
| NI | Francesca Donato |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh: